



Ciorclán 0009/2018

BHOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

LEITHDHÁILEADH CEADAITHE DE PHOIST TEAGAIS SCOILBHLIAIN 2018/19

1 Leithdháileadh údaraithe de phoist teagais don scoilbhliain 2018/19

1.1 An tAcht Oideachais

Chun críche Alt 24(2) den Acht Oideachais 1998 (arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú), 2012), déantar leithdháileadh na bpost teagais don scoilbhliain 2018/19 a ríomh de réir na rialacha atá léirithe sa chiorclán seo agus tá sé bunaithe ar rollú aitheanta daltaí ar chúrsaí faofa ar an 30 Meán Fómhair 2017.

1.2 Cáinainéis 2018

Feabhsuithe maidir le soláthar acmhainní do Phlean Treorach na Scoile Uile – Aiscur breise acmhainní a baineadh i gCáinainéis na bliana 2012

Foráladh i gCáinainéis na bliana 2018 aiscur coibhéseach de 100 post breise. Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2018, aischuirfear 500 de na 600 post treorach a baineadh de scoileanna le Cáinainéis na bliana 2012.

1.3 Ath-implonú

(i) Ath-implonú múinteoirí i scoileanna ina bhfuil soláthar foirne de bhreis ar an leithdháileadh atá ceadaithe

Chun críche na scéime ath-implonnaithe, tarlaíonn cás ina bhfuil barraíocht múinteoirí nuair a bhíonn múinteoir buan nó múinteoir ar chonradh tréimhse éiginnte (CTÉ) amháin nó níos mó ann sa bhreis ar a leithdháileadh fostaithe i scoil ar an 31 Nollaig 2017 don scoilbhliain 2018/19. Cuireadh é sin in iúl do scoileanna sa chatagóir sin i mí Eanáir 2018 chun go mbeadh ar chumas na scoileanna sin tús a chur leis an bpróiseas pleanála d'fheidhmiú na scéime ath-implonnaithe. Ní mór do na scoileanna sin anois an múinteoir/na múinteoirí aonair sa bhreis a shainaitheint ar **Chuid B Mír 4 den Fhoirm CC 18/19**.

Ní mór do gach scoil anois an Stiúrthóir Ath-implonaithe a chur ar an eolas faoi gach folúntas teagaisc ar Chuid B Mír 3 den Fhoirm CC 18/19. Ní mór folúntais bhreise a mbíonn údarás na scoile ar an eolas fúthu ar an 31 Bealtaine 2018 nó roimhe sin a chur in iúl don Stiúrthóir ar Chuid B Mír 3 den **Fhoirm CC 18-19** laistigh de 5 lá oibre ón uair is eol don scoil faoin bhfolúntas.

Beidh sé mar choinníoll de líonadh aon fholúntais dá leithéid ina dhiaidh sin gur cuireadh in iúl don Stiúrthóir é a luaithe agus a tháinig sé aníos mar chuid den phróiseas ath-implonaithe.

Is cuspóir den scéim ath-implonaithe é go mbeidh sí tugtha chun críche faoin 31 Bealtaine ar mhaithe le líonadh folúntas a éascú.

Ní mór aon fholúntais bhuaana a dtiocfar ar an eolas fúthu tar éis 31 Bealtaine 2018 a chur in iúl do Rannóg na Leithdháiltí le ríomhphost chuig allocations@education.gov.ie Ní mór na folúntais sin a líonadh ar bhonn sealadach don scoilbhliain 2018/19.

Is féidir le Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta ach **ní cheadaítear dóibh múinteoir a cheapadh** chun folúntas a líonadh don scoilbhliain 2018/19 go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach dteastaíonn poist folmha chun múinteoirí buana/múinteoirí ar chonradh tréimhse éiginnte (CTÉ) farasbairr a ath-implonú.

(ii) Ath-implonú múinteoirí a cháiligh do Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) de réir Chuid A de Chiorclán 0024/2015

Féadfar múinteoirí a cháilíonn do CTÉ de réir Chuid A de [Chiorclán 0024/2015](#) a ath-implonú sna himthosca seo a leanas:

(a) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh ar son múinteora a bhí ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú le haghaidh ath-implonú éigeantach díreach sula bhfilléann an múinteoir a bhfuil sé/sí ag déanamh ionadaíochta ar a shon/son.

Sa chás sin, is féidir le bainistíocht na scoile deis a thabhairt don mhúinteoir atá ag fillleadh ó shos gairme/iasacht cur isteach ar ath-implonú deonach. Is féidir iarratasóir deonach, faoi réir cúinsí ar leith, a ath-implonú in ionad ainmní éigeantach.

I gcásanna den tsórt sin, má theastaíonn chun riachtanais churaclaim na scoile a shásamh, agus sa chás go bhfuil foráil dó laistigh de leithdháileadh na scoile, féadfaidh bainistíocht na scoile an bheirt mhúinteoirí a choinneáil sa scoil.

(b) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ faoin tréimhse cháilithe laghdaithe d'fhostaíocht leanúnach **NÓ** de bharr é/í bheith ag déanamh ionadaíochta ar son mhúinteora a bhí ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú mar ath-implonú éigeantach sna cásanna seo a leanas:

- tá neamhréir ábhar sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) – i.e. nuair atá níos mó acmhainní teagaisc ag an scoil/BOO in ábha(i)r an mhúinteora sin ná mar a theastaíonn chun na riachtanais churaclaim san ábhar/sna hábhair i scoilbhliain shainithe faoi leith, **agus**
- Tá sé déanta amach ag an scoil /BOO gur féidir an neamhréir sin a réiteach go hiomlán, nó cuid de a réiteach dá ndéanfaí múinteoir nó múinteoirí atá clúdaithe ag an scéim seo a ath-implonnú.

Sa chás sin is féidir le bainistíocht na scoile deis a thabhairt do mhúinteoirí an ábhair a mbaineann neamhréir leis cur isteach ar ath-implonnú deonach, ag brath ar riachtanais churaclaim na scoile. Féadfar iarratasóir deonach a ath-implonnú in áit ainmní éigeantaigh áit a bhfuil folúntas oiriúnach ar fáil agus go bhfuil glactha ag an iarratasóir leis.

Ní mór do scoileanna **Foirm RD2 18-19** a chur isteach i ngach cás.

(iii) Scéim Phíolótach um Ath-implonnú Deonach

Beidh scéim Phíolótach um Ath-implonnú Deonach ag feidhmiú sa bhliain 2018 i gContae na Gaillimhe, , i gContae Ros Comáin, i gContae Dhún na nGall, i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin, i gContae Lú agus i gContae na Mí.

Tugtar mionsonraí faoi seo ar [Scéim Phíolótach um Ath-implonnú Deonach 2018-19](#)

2 Leithdháileadh Ceadaithe de Phoist Teagaisc sa sceideal foirne

2.1 Príomhoide/Príomhoide Ionaid:

2.1.1 Príomhoide:

Leithdháiltear post i leith príomhoide ar gach scoil aitheanta.

2.1.2 Príomhoide Ionaid:

Déantar post an Phríomhoide Ionaid a leithdháileadh ar gach scoil aitheanta mar seo a leanas:

Rollú Daltaí (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)	Leithdháileadh i leith Príomhoide Ionaid (coibhéis lánaimseartha)
1-150	0.25
151-300	0.50
301-400	0.75
401-699	1
700-899	2
900+	3

2.2 Leithdháileadh Bunaithe ar Rollú:

2.2.1 Gnáthrollú:

Is i leith an rollaithe cheadaithe é an leithdháileadh don Ghnáthrollú seachas rollú Iar-Ardteistiméireachta.

Cuirtear cóimheas 19:1 i bhfeidhm i leith na ndaltaí sin i ngach iar-bhunscoil ar scéim saoroideachais.

Cuirtear cóimheas 23:1 i bhfeidhm i leith na ndaltaí sin i ngach scoil aitheanta lasmuigh den chóras saoroideachais.

2.2.2 Soláthar Treorach:

Sa tábla thíos leagtar amach bonn ríofa an leithdháilte treorach ar leith, trí thagairt don rollú cheadaithe, daltaí Iar-Ardteistiméireachta sa áireamh.

	Laghdú sa chóimheas idir daltaí agus múinteoirí (CDM) chun Soláthar Treorach a choigeartú					
Catagóir	2012	2016	2017	2018	Laghdú iomlán	CDM 19:1 lúide laghdú
Scéim Saoroideachais – Nach scéim DEIS í		0.3	0.1	0.1	0.5	18.5
Scéim Saoroideachais - DEIS	0.75	0.3	0.1	0.1	1.25	17.75
A Ghearrann Táillí*			0.2	0.1	0.3	18.7

*Is le tagairt do CDM 19:1 é an laghdú CDM um Sholáthar Treorach.

Tá tuilleadh eolais ar Sholáthar Treorach ar fáil in **Aguisín 3** den chiorclán seo.

2.2.3 Athleasú na Sraithe Sóisearaí:

Is ionann an leithdháileadh chun tacú le hAthleasú na Sraithe Sóisearaí trí am gairmiúil aonair a sholáthar chun ligean do mhúinteoirí dul i ngleic le gníomhaíochtaí comhoibríochá gairmiúla chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú, agus an leithdháileadh breise a chuirfí ar fáil trí laghdú 0.53 sa CDM. Déantar é a ríomh trí thagairt a dhéanamh don rollú cheadaithe, gan daltaí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, mar seo a leanas:

Catagóir Scoile	Is ionann leithdháileadh Athleasú na Sraithe Sóisearaí agus an difríocht idir:	
	CDM iarbhír	CDM laghdaithe faoi 0.53
Scéim Saoroideachais	19:1	18.47
Gearradh Táillí	23:1	22.47

Chomh maith leis an leithdháileadh sin, gheobhaidh scoileanna freisin 22 uair a chloig (40 nóiméad in aghaidh na seachtaine) d'am gairmiúil i leith gach post Riachtanais Speisialta Oideachais agus Ranga Speisialta (coibhéis lánaimseartha).

Níl i gceist ag an leithdháileadh post i gcomhair am gairmiúla 40 nóiméad a sholáthar do gach múinteoir (leithdháiltí pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha san áireamh). Ba cheart don bhainistíocht scoile a soláthar foriomlán uaireanta teagaisc a leithdháileadh (poist bhreise arna leithdháileadh d'am gairmiúil, mar a leagtar amach thuas, san áireamh), ar bhealach a chinnteoidh go bhféadfaidh gach múinteoir a bhfuil baint acu le soláthar na Sraithe Sóisearaí, am gairmiúil a fháil de réir Chiorcláin [0015/2017](#) agus [0029/2017](#).

2.2.4 Riachtanais Speisialta Oideachais:

Is ionann an leithdháileadh i gcomhair poist Riachtanas Speisialta Oideachais a eisíodh chuig gach scoil sa chéad sceideal de sholáthar foirne agus 100% de leithdháileadh na scoile don scoilbhliain 2018/19 (gan cúinsí eisceachtúla san áireamh inar féidir le scoileanna leithdháiltí breise a fháil le linn na scoilbhliana 2018/19). Tá na mionsonraí ar fad faoin tsamhail nua leithdháilte ar fáil i [gCiorclán 0014/2017](#).

2.2.5 An Teastas Sóisearach – Clár Scoile (TSCS):

Deonaítear leithdháileadh poist 0.25 coibhéis lánaimseartha sa bhreis do gach grúpa suas go dtí 45 dalta aitheanta, agus an líon sin san áireamh, a bhíonn rannpháirteach sa Teastas Sóisearach - Clár Scoile, faoi réir an uaslín de 135 dalta.

Bíonn scoil teoranta do ghrúpa amháin ina bhfuil uaslíon de 45 dalta TSCS sa bhliain ina gcuireann sí tús le TSCS agus sa dá scoilbhliain ina dhiaidh sin.

2.2.6 An Ardeistiméireacht Fheidhmeach (LCA):

Leithdháiltear post 0.50 coibhéis lánaimseartha ar gach scoil ina reáchtáiltear an Ardeistiméireacht Fheidhmeach.

2.2.7 Daltaí aitheanta ar Chlár Iar-Ardeistiméireachta (IAT):

Bíonn cóimheas 19:1 i bhfeidhm i leith daltaí atá cláraithe ar chlár IAT, faoi réir uasmhéid údaraithe an rollaithe IAT.

2.2.8 An Ghaeilge:

Leithdháiltear post breise maidir le gach scoil lán-Ghaeilge ainmnithe (Aicmiú Scoile 1).

2.2.9 Teagmháil Bhaile Scoile agus an Phobail:

Is idirghabháil scoil-bhunaithe í an Scéim Theagmhála Bhaile, Scoile agus an Phobail (TBSP) a sholáthraítear do scoileanna DEIS chun freastal ar riachtanais daltaí/teaghlaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste trí ról an tuismitheora mar phríomh-oideachasóir a aithint agus a fhorbairt. Baintear sin amach trí dhíriú ar theaghlaigh dhaltaí atá i mbaol teip oideachais, agus réimse idirghabhálacha tacaíochta iomchuí chur i bhfeidhm. Is poist bhuaana, lánaimseartha iad Comhordaitheoirí TBSP a leithdháiltear ar scoileanna DEIS (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uirbeacha). Leithdháiltear roinnt poist TBSP ar bhonn comhroinnte idir scoileanna DEIS (i gcnuasghrúpaí) agus is féidir iad a chomhroinnt idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Cé gur faoi Sheirbhís Leasa Oideachais (SLO) Tusla atá freagracht oibríochtúil maidir leis an scéim TBSP, is í an Roinn atá freagrach as leithdháileadh agus maoiniú na múinteoirí sin a ghlacann ról an Chomhordaitheora TBSP sna scoileanna DEIS atá rannpháirteach sa scéim, agus dá réir sin bíonn rannpháirtíocht leanúnach aici leis an SLO chun éifeachtúlacht na scéime a chinntiú.

Ba cheart aon cheist a bhaineann leis an bpost TBSP a chur ar aghaidh chuig social_inclusion@education.gov.ie

2.2.10 Tacaíocht Teanga (BTB):

Is ón scoilbhliain 2012/13 i leith a chuimsíonn an leithdháileadh Tacaíochta Foghlama/Teanga gné éigin soláthair do gach iar-bhunscoil chun go mbeidh ar a gcumas tacaíocht bhreise teanga a sholáthar do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu ag éirí as riachtanais a bhaineann leis an mBéarla mar Theanga Breise.

Sa leithdháileadh nua do Riachtanais Speisialta Oideachais, tá an soláthar sin fós ann agus cinntíonn sé go soláthraítear leis go mbeidh leithdháileadh bunúsach ag gach scoil chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, lena n-áirítear deacrachtaí ag éirí as riachtanais Béarla mar Theanga Breise (BTB).

Sa scoilbhliain 2012/13, cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm do scoileanna ina raibh líon ard daltaí ag fáil tacaíocht teanga (Béarla mar Theanga Breise). Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte sin sa scoilbhliain 2018/19.

Is féidir le scoileanna ina bhfuil líon suntasach den rollú iomlán ag fáil tacaíochta teanga (BTB) agus a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu, achomharc a dhéanamh chuig an mBord Neamhspleách um Achomhairc do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile le haghaidh acmhainní breise, ach **Foirm AP 18-19** a chur isteach.

2.2.11 Acmhainn:

Leithdháileadh na poist sin sna blianta roimhe seo ar roinnt scoileanna chun tacú le ranganna/grúpaí speisialta inar aithníodh riachtanais speisialta. Leanfaidh an leithdháileadh sin ar aghaidh sa scoilbhliain 2018/19.

2.2.12 Tacaíocht Foghlama Teanga (Lucht Siúil):

Cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm do scoileanna ina raibh líon ard daltaí den Lucht Siúil sa scoilbhliain 2011/12. Leanfaidh na scoileanna seo ag fáil an leithdháilte sin sa bhliain 2018/2019.

2.2.13 Scoileanna Comhoideachais i scoilcheantar aonair:

Leithdháileadh post breise 0.5 coibhéis lánaimseartha ar na scoileanna sin sa scoilbhliain 2010/11 chun go mbeadh ar a gcumas an réimse ba mhó agus ab fhéidir de roghanna ábhar á chur ar fáil dá gcuid daltaí. Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte seo sa scoilbhliain 2018/19.

2.2.14 Comhoibriú Scoile:

Leithdháileadh líon beag post buan ar scoileanna cónasctha le hiar-bhunscoileanna eile áitiúla chun rogha na n-ábhar a mhéadú i scoilcheantar sa scoilbhliain 2010/11. Leanfar leis an leithdháileadh sin do na scoileanna sin sa bhliain 2018/19.

2.2.15 Comhordaitheoir Cláir:

I gcás scoile ina mbíonn daltaí cláraithe ar Chlár Scoile don Teastas Sóisearach (CSTS), ar Chlár na hIdirbhliana, ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) nó ar Chlár na Ardteistiméireachta Feidhmí (CATF), gheobhaidh údaráis na scoile leithdháileadh uaireanta teagaisc bunaithe ar an rollú iomlán i ngach clár agus i gcomhréir le téarmaí [Chiorcláin 0003/2018](#). Is mar seo a leanas a leithdháilfear na huaireanta teagaisc:

Líon na nDaltaí	Leithdháileadh Coibhéise Lánaimseartha (CL)
1-59	0.09
60-99	0.14
100-139	0.18
>139	0.27

2.2.16 Clár Oideachais do Dhaoine Fásta:

Sa chás ina reáchtálann scoil clá(i)r Oideachais Pháirtaimseartha do Dhaoine Fásta Féin-Mhaoinithe, d'fhéadfadh údaráis scoile leithdháileadh uaireanta teagaisc a fháil i gcomhréir le téarmaí Litreacha [Chiorcláin 46/00](#) agus [16/05](#).

2.2.18 Poist i Scoileanna ar Oileáin:

Faigheann roinnt BOOnna leithdháiltí faoin gceannteideal seo. Leanfaidh an leithdháileadh seo ar aghaidh sa scoilbhliain 2018-19.

3 Cruinneas sonraí ar an sceideal tosaigh:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú gur cruinn iad na bunsonraí a úsáideadh leis an leithdháileadh seo a chruthú.

Nuair a gheofar an sceideal tosaigh, ní foláir don údarás scoile a dheimhniú go bhfuil na sonraí ceart agus go léirítear iontu na tuairisceáin ón scoil i leith a daltaí agus múinteoirí.

Ní mór míchruinneas sna mionsonraí rollaithe agus leithdháilte a fhógairt **láithreach bonn** chuig:

Rollú - p_podhelpdesk@education.gov.ie
Leithdháileadh - allocations@education.gov.ie

Fógrófar coigeartuithe ar thaifid rollaithe nó leithdháilte mar gheall ar eolas leasaithe a fhaightear do scoileanna i mí Aibreáin chomh maith leis na cinntí Lamhátais Churaclaim.

4 Iarratais ar choigeartú ar leithdháileadh múinteoirí

Déanfaidh an Roinn iarratais ar choigeartú leithdháileadh múinteoirí i gcomhair rollú méadaithe réamh-mheasta agus/nó lamháltas curaclaim a mheas. Ní mór iarratais den chineál sin a dhéanamh **ar nó roimh Dé hAoine 9 Márta 2018**. Tabhair faoi deara gur trí ath-implonú, nuair is féidir, a líonfar leithdháileadh uaireanta/post faoi na cúinsí seo.

4.1 Méadú réamh-mheasta rollaithe nach féidir freastal air laistigh den leithdháileadh faofa:

Déanfar iarratais (ar **Chuid A Mír 1 d'Fhoirm CC 18-19**) a mheas ar bhonn 95% den rollú iomlán réamh-mheasta.

Gheobhaidh scoileanna faomhadh sealadach i mí Aibreáin má bhíonn leithdháileadh breise tuillte mar gheall ar méadú réamh-mheasta sa rollú.

Ní cheadófar don leithdháileadh sin go dtí go gcuireann scoileanna **Foirm PE 18-19** isteach chun dearbhú rollaithe i mí Mheán Fómhair 2018 a sholáthar, agus chun cur isteach ar cheadú leithdháileadh breise mar gheall ar an méadú rollaithe. Ní mór **Foirm PE 18-19** a bheith istigh faoi **Dé hAoine 5 Deireadh Fómhair 2018**.

Níor chóir aon chonradh a dhéanamh le múinteoirí maidir le rollú réamh-mheasta go dtí go mbeadh Foirm PE 18-19 curtha isteach an údarás na scoile i ndiaidh don scoil oscailt don scoilbhliain 2018/19 agus go dtí go mbeadh an leithdháileadh breise curtha ar fáil ar an sceideal foirne. Is ar bhonn 95% de rollú iarbhír Mheán Fómhair 2018 a dheonófar an leithdháileadh.

Aon áibhéil d'aon ghnó ar líon daltaí ar mhaithe le hacmhainní breise a éileamh aón Roinn; cuirfear in iúl don Gharda Síochána í, agus d'fhéadfadh ionchúiseamh coiriúil tarlú mar thoradh uirthi.

4.2 Tacaíocht ghearrthréimhseach (Lamháltas Curaclaim) don teagasc i réimsí sainiúla curaclaim:

Aon scoil a dtéann easnaimh gan choinne scileanna i bhfeidhm uirthi nárbh fhéidir léi a réiteach trí phróisís phleanála scoile agus bainistíochta; is féidir leo iarratas a chur isteach ar fhoireann bhreise mar thaca gearrthéarmach ag **Cuid A Mír 1 d'Fhoirm CC 18-19**.

Leagtar amach treoirlínte a bhaineann lena leithéid d'iarratais in **Aguisín 2** den chiorclán seo.

5. Comhlánú Foirmeacha CP1

Ní mór staid cheapacháin foirne teagaisc na scoile i leith na scoilbhliana 2018/19 a shocrú go soiléir. Eisíodh **Foirm CP1** chaighdeánach chuig gach scoil ina léirítear an staid reatha ceapachán.

Caithfidh scoileanna múinteoirí a shainithint ar Fhoirm CP1 don scoilbhliain 2018-2019:

- a bheidh ag éirí as/ag dul ar scor (deimhnigh dáta)
- a bheidh ag tosú, ag leanúint ar aghaidh nó ag críochnú socruithe sos gairme, postroinnte nó iasachta
- a bheidh ag cáiliú i gcomhair CTÉ (deimhnigh uaireanta)

Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig an Roinn ar nó roimh **Dé hAoine 9 Márta 2018**.

6. Conarthaí Tréimhse Éiginnte (CTÉ)

Aithneoidh BOO múinteoirí sa scéim a meastar fúthu bheith incháilithe d'fháil CTÉ sa scoilbhliain 2018/19.

Foirm H22 – Iarratas ar thuarastal iomlán i gcomhair múinteora i seilbh CTÉ 18 uair a chloig nó níos mó

Sa chás go mbíonn múinteoir i seilbh CTÉ 18 uair an chloig nó níos mó, féadfaidh sé/sí iarratas a chur isteach le bheith curtha ar an tráthchlár ar feadh suas le 22 uair an chloig de réir [Chiorclán 0011/2009](#). I gcásanna den sórt sin, féadfar an CID a mhéadú go dtí 22 uair an chloig.

De réir mar is infheidhme, ní mór do scoileanna an Fhoirm H22 a chur faoi bhráid Phríomhoifig an BOO marcáilte lena cur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna.

7. Achomhairc in aghaidh chinntí na Roinne maidir le leithdháiltí tosaigh nó breise

Déanfaidh an Bord Achomhairc Iar-bhunscolaíochta, a fheidhmíonn go neamhspleách ón Aire agus ón Roinn, achomhairc ó scoil/BOO a mheas maidir le leithdháiltí múinteoirí i leith na scoilbhliana 2018/19 de réir na gcritéar seo a leanas:

- Cinneadh na Roinne ar iarratas na scoile/BOO ar lamháltais churaclaim;
- An leithdháileadh tacaíochta teanga (EAL) do dhaltáí le hinniúlacht níos ísle ná B1 (inniúlacht Leibhéal 3).

Ní bhreithneoidh an Bord ach amháin achomhairc ón údarás ábhartha lucht bainistíochta scoile ar **Foirm AP 18-19** agus is ag an mBord a bheidh an cinneadh deiridh.

Ní mór iarratais a chur isteach ar **Foirm AP 18-19 faoi Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2018** chuig:

**An Rúnaí, An Bord Achomhairc Neamhspleách
f/ch Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile
An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh
Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
N37 X659**

8. Foirmeacha

Tá liosta de na foirmeacha comhbhainteacha (maille le naisc ábhartha) agus na spriocdhátaí ábhartha chun iarratais a fháil leagtha amach in **Aguisín 1**.

Paraic Joyce
Príomh-Oifigeach
Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile

Eanáir 2018

Aguisín 1

Liosta Foirmeacha agus Spriocdhátaí – 2018/19

Foirm	Cuspóir le gach foirm	Spriocdháta sa Roinn chun foirm(eacha) c(h)omhlánaithe a fháil
CP1	<p>Seasamh na scoile maidir le ceapacháin dáta an leithdháilte thosaigh i.e liosta múinteoirí ar phárolla na Roinne faoi láthair.</p> <p>Ní mór do mhúinteoirí a chur in iúl i gcolún na dtuairimí cé acu atá múinteoir ag dul ar scor, ag éirí as, ar iasacht, ag baint leasa as sos gairme, ag post-roinnt nó ag cáiliú le haghaidh CTÉ.</p> <p>Sa chás ina bhfuil múinteoir ag cáiliú do CTÉ, ní mór líon na n-uaireanta a chur in iúl.</p> <p>Sa chás ina mbíonn múinteoir ar shos gairme nó ar iasacht, cuir in iúl líon na mblianta, i.e. “Sos Gairme, Bliain 3”</p>	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>CC 18-19</u>	<p>Cuid A Mír 1 - Dearbhú ar rollú réamh-mheasta don scoilbhliain 2018/19 Mír 2 - Iarratais le haghaidh tacaíochta breise teagasic do Riachtanais Churaclaim bhunriachtanacha (Lamhátais Churaclaim)</p> <p>Cuid B Mír 3– Dearbhú ar gach folúntas don scoilbhliain 2018/19 Mír 4- Le comhlánú ag scoileanna ina n-ainmnítear múinteoir iomarcach le haghaidh ath-implonaithe éigeantaigh Mír 5 – Le comhlánú ag scoileanna ina n-ainmnítear múinteoir le haghaidh ath-implonaithe de réir Chiorclán 0024/2015</p> <p>Cuid C – Dearbhú ag Údarás Scoile</p>	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>RD1 18-19</u>	<p>Iarratas ó mhúinteoir Buan/CTÉ le haghaidh ath-implonaithe de réir na scéimeanna ath-implonaithe iar-bhunscoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • ainmnithe le haghaidh ath-implonaithe éigeantaigh • ag cur isteach ar athlonnú deonach 	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>RD2 18-19</u>	<p>Dearbhú ag scoil inar deonaíodh CTÉ ar mhúinteoir de réir Chiorclán 0024/2015 agus:</p> <ul style="list-style-type: none"> • go bhfuil an múinteoir a bhfuil sé/sí ag teacht isteach ina (h)áit ag teacht ar ais ó shos gairme nó ó iasacht, <u>nó</u> 	Dé hAoine 9 Márta 2018

	<ul style="list-style-type: none"> • go bhfuil neamhréir churaclaim ann ina (h)ábha(i)r 	
<u>RD10</u>	Foirm le comhlánú ag múinteoir atá ainmnithe le haghaidh ath-implonaithe sa chás ina measann sé/sí nár cloíodh leis an bpróiseas ná na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú maidir le hath-implonú	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>Pilot Vol RD1 18-19</u>	Iarratas le haghaidh ath-implonaithe de réir théarmaí na Scéime Píolótaí um ath-implonú deonach 2018/19	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>CID 18-19</u>	Iarratas ar dheonú Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) ar mhúinteoir den chéad uair nó mar chonradh breise	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>H22</u>	Iarratas ar thuarastal iomlán le haghaidh múinteora i seilbh CTÉ ar 18 uair an chloig nó a thuilleadh (le cur isteach, nuair is infheidhme, le Foirm CID 18-19)	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>AE 18-19</u>	Iarratas ar leithdháileadh maidir le laghdú ar uaireanta sa scoilbhliain 2018/19 maidir le clár um Oideachas Aosach Féinmhaoinithe	Dé hAoine 9 Márta 2018
<u>AP 18-19</u>	Iarratas, trí Scoil/BOO, chuig an mBord Achomharc Neamhspleách chun achomhairc a chur isteach maidir le: <ul style="list-style-type: none"> • Cinneadh na Roinne maidir le lamháltais churaclaim • An leithdháileadh le haghaidh daltaí tacaíochta teanga (BTB) a bhfuil níos lú ná B1 acu (cumas Leibhéal 3) 	Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2018
<u>PE 18-19</u>	Iarratas le haghaidh leithdháilte sa bhreis sa scoilbhliain 2018/19 maidir le rollú méadaithe	Dé hAoine 5 Deireadh Fómhair 2018

Aguisín 2

Tacaíocht Teagaisc sa Bhreis le haghaidh Riachtanas Curaclaim Bhunriachtanach (Lamháltais Churaclaim)

Treoirlínte

1. Réamhrá

Ní mór do gach lucht bainistíochta scoile a churaclam, a thráthchlár teagaisc, a roghanna maidir le hábhar agus a sholáthar treorach a eagrú de réir riachtanais na ndaltaí laistigh de theorainneacha an leithdháilte fhaofa soláthair foirne.

2. An Cuspóir le Lamháltais Churaclaim

D'fhéadfaí go mbainfeadh deacracht thobann agus gan choinne do scoil laistigh de ghnáth-leithdháileadh an tsoláthair foirne (nach féidir leis a réiteach láithreach tríd an bpróiseas pleanála agus bainistíochta scoile) agus tiomantais riachtanacha an churaclaim a sásamh aici gur féidir le daltaí leanúint ar aghaidh i mbun staidéir ar ábhar faoi leith go deireadh an chláir. I dtosca mar sin féadfaidh údarás scoile iarratas a chur isteach ar lamhálta(i)s c(h)uraclaim mar thacaíocht ghearrthéarmach. Táthar ag dúil leis, seachas i dtosca eisceachtúla, nach dtarlóidh sin ach nuair a bhíonn rolla scoile ag forbairt nó ag meathlú.

Ní féidir iarratais a dhéanamh i leith leithdháiltí breise seachas lamháltais churaclaim. Ní ceadmhach lamháltais churaclaim a lorg lena chur ar a gcumas scoileanna soláthar curaclaim a fhorbairt nach féidir a bhuanú laistigh den líon daltaí ar rolla, teidlíochtaí foirne agus pleananna scoile.

3. Athbhreithniú Bainistíochta Scoile – Roimh iarratas a chur isteach ar Lamháltas Curaclaim

Sula socraíonn siad ar iarratas a chur isteach ar lamhálta(i)s c(h)uraclaim, caithfidh scoil ar dtús:

- a) Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phleanáil curaclaim agus úsáid foirne (iniúchadh curaclaim) lena dheimhniú an féidir riachtanais na scoile a shásamh laistigh de ghnáth-leithdháileadh foirne ón scoilbhliain 2019/20 ar aghaidh.
- b) A chinntiú go bhfuil gach post múinteoireachta faofa go hiomlán in úsáid agus curtha sa tráthchlár.
- c) Machnamh a dhéanamh ar na roghanna a bhaineann le comhoibriú idirscoile ar leibhéal logánta i dtaca le comhroinnt ball foirne agus acmhainní teagaisc, go háirithe i dtaca le hábhair mhionlaigh le seirbhísí oideachais éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil don phobal áitiúil.
- d) Machnamh a dhéanamh an mbeidh an scoil incháilithe le haghaidh leithdháileadh breise i dtaca le méadú réamh-mheasta sa rollú sa scoilbhliain 2018/19. Cuirtear an leithroinnt seo san áireamh nuair atáthar ag déanamh cinnidh maidir le hiarratas ar lamháltais churaclaim.

4. Iarratas ar Lamhála(i)s C(h)uraclaim

Má mheasann scoil, tar éis athbhreithniú ar Bhainistíocht Scoile, nach foláir iarratas a dhéanamh ar lamhála(i)s churaclaim, is féidir iarratas a dhéanamh ach **Cuid A, Mír 2 d'Fhoirm CC 18-19** a chomhlánú.

Ní féidir ach iarratas amháin ar lamhála(i)s curaclaim a dhéanamh ó gach scoil don scoilbhliain 2018/19.

Iarrtar ar scoileanna dhá chóip chlóschríofa a chur chuig: Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

Is é an spriocdháta le hiarratais a fháil Dé hAoine 9 Márta 2018. Ba chóir d'údarás scoile cruthúnas postais a choinneáil. Ní ghlacfar le iarratais mhalla ach i dtosca eisceachtúla.

Ba chóir go mbeifí soiléir sna hiarratais:

- (a) Léirítear go soiléir iontu conas atá pleanáil agus leithdháileadh foirne déanta go héifeachtach ag an údarás scoile.
- (b) Sloinntear go soiléir iontu go bhfuil tacaíocht ghearrthéarmach ag teastáil – ar feadh 1 scoilbhliain amháin de ghnáth, ach gan bheith níos mó ná 2-3 scoilbhliana, le cur ar chumas údarás scoile freagairt ar fhadhbanna curaclaim aitheanta.
- (c) Leagtar amach go soiléir iontu, más infheidhme, aon riachtanais ar leith ag scoileanna beaga saorsheasaimh, an fhéidearthacht chun riachtanais churaclaim a shásamh trí shocrúithe le haghaidh comhoibriú idirscoile le scoileanna in aice láimhe, nithe mar dheacrachtaí cóiríochta sealadacha.

Fógróidh an Roinn cinntí d'Údarás Scoile i mí Aibreáin 2018.

5. Nós Imeachta Achomhairc

Má tá údarás scoile míshásta le cinneadh na Roinne maidir lena iarratas ar lamhála(i)s curaclaim, féadfaidh siad achomharc a chur isteach chuig an mBord Achomharc Neamhspleách ar **Fhoirm AP 18-19** – Féach Cuid 7.

Aguisín 3

Soláthar Treorach in Iar-bhunscoileanna

Nochtadh le torthaí an **Review of Guidance Counselling Provision in Second Level Schools 2012-2013**, ón mbliain 2013, arna stiúradh ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) agus iniúchadh náisiúnta ina dhiaidh sin a rinne Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IT), gur laghdaíodh meánuaireanta seachtainiúla cleachtas ar an iomlán faoi 25%, leis an laghdú le feiceáil go háirithe in uaireanta comhairleoireachta duine le duine. Tugtar le fios leis sin gur choinnigh scoileanna ar an meán agus ar an iomlán díreach faoi 75% d'uaireanta cleachtas. Bhain príomhoidí scoile seo amach go bunúsach trí laghdú sa raon ábhar a chuireann scoileanna ar fáil do dhaltáí agus/nó trí mhéideanna ranganna a mhéadú.

Difríochtaí idirscoile san aischur

Cé go léirítear an cailteanas i soláthar treorach ag thar 25%, tá easnaimh éagsúla le dealramh ag scoileanna le soláthar a thabhairt ar ais go dtí a leibhéal bunaidh. Ba chóir do scoileanna a choinnigh céatadán ard soláthair treorach le blianta beaga anuas i riocht ní b'fhéarr le haischur iomlán ní ba luaithe ná scoileanna arbh éigean dóibh laghdú ní ba mhó a dhéanamh mar gheall ar Cháinainéis 2012. Ba chóir do scoileanna le soláthar treorach a bheith in ann cuid de thionchar bheart Cháinainéis 2012 ar rogha ábhair nó méid ranga a chúiteamh, chomh maith le comhairleoireacht duine le duine agus leithdháileadh ama don ról a sholáthar mar thacaíocht d'Fhoireann Tacaíochta Daltaí a éilítear faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017.

Plean Treorach na Scoile Uile

Is gníomhaíocht don scoil uile é an treorú, mar a bhforbraíonn gach scoil go comhoibríoch plean treorach na scoile uile chun tacú le riachtanais na ndaltaí. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn agus go gcinntíonn gach ball foirne go bhfuil an treorú fite fuaite le gach gné de shaol na scoile. Ba chóir do phleananna treorach cur síos ar chur chuige na scoile maidir le treorú agus conas is féidir tacaíocht agus cuidiú a thabhairt do dhaltáí agus iad ag déanamh cinntí agus ag aistriú go rathúil sna réimsí sóisialta, oideachais agus gairme. Ba chóir don phlean treorach idirdhealú idir na hinniúlachtaí a theastaíonn laistigh den scoil chun tacú le dalta i gcásanna ina dteastaíonn iad a chur ar aghaidh chuig na seirbhísí sláinte nó comhairle a thabhairt do thuismitheoirí ar an ngá chun smaoineamh atreorú duine chuig gairmí leighis.

Ba chóir do scoileanna machnamh ar conas leithdháileadh acmhainne a ailíniú le cuspóirí an Phlean Treorach. Ba chóir don Bhord Bainistíochta maoirseacht a chleachtadh trí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bplean go rialta. Go sonrach, ba chóir don Bhord an plean agus conas a chuirtear acmhainní ar fáil dó a bhreithniú sula nglacann sé leis an bplean agus sula gcuireann sé ar fáil é do gach ball foirne, tuismitheoirí agus daltaí. Ba chóir go mbeadh na foilseacháin **Framework for Considering Provision of Guidance in Post-Primary Schools 2012** (arna eisiúint ag ACCS, IVEA, JMB ag NAPD)

http://www.ncge.ie/uploads/Guidance_Framework_document_May_1st_2012.pdf, Folláine

in Iar-Bhunscoileanna 2013

https://www.education.ie/ga/Foilseach%3%A1in/Tuarasc%3%A1lacha-Oideachais/Well_Being_PP_Schools_Guidelines_ir.pdf agus an **NCGE School Guidance Handbook** <http://www.schoolguidancehandbook.ncge.ie/> úsáideach do Bhoird agus iad ag cinneadh na húsáide is fearr a bhainfear as an leithdháileadh feabhsaithe múinteoirí.

Am do dhaltáí aonair

Éilíonn an tAire trína chiorclán ar scoileanna a bPleananna Treorach a choigeartú le bheith in oiriúint do Ghníomh 9.1 in ***Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017*** ina ndeirtear gur chóir ***“ina mbeidh ceanglas ar scoileanna leithdháileadh ama ar leith a áireamh do threoirchomhairleoirí a bheith ar fáil do threoirchomhairleoireacht duine le duine do scoláirí agus leithdháileadh ama don ról ag tacú leis an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí”***